

Uachtarán na Stát Aontaithe

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin olltoghchán sna Stáit Aontaithe. Anois, agus toradh an olltoghcháin ar eolas agat, cuir do chuid tuairimí in iúl don duine in aice leat faoin uachtarán nua.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *campaign*
- *bitter, virulent*
- *the polls*
- *the Democratic candidate*
- *the Republican candidate*
- *coincidence*
- *commentators*
- *immense influence*
- *drawing near to*
- *occasions for celebration*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a raibh Seán Mac an tSíthigh i Nua-Eabhrac?
2. Cá raibh Hillary Clinton agus Donald Trump aréir agus cén fáth?
3. Cén fáth a raibh imní ar na Daonlathaigh le cúpla seachtain anuas?
4. Cad a bhí le rá ag Frances Mulraney faoin vóta *Latino*?

Ceist 4

Féach ar na hainmfhocail seo. An bhfuil siad baininsneach nó firinsneach? Bain úsáid as an mbosca thíos chun cabhrú leat.

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha
Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol (treoir ghinearálta): <i>cúis, earnáil</i>	Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan leathan (treoir ghinearálta): <i>bád, domhan, saothar</i>
Ainmfhocail a chríochnaíonn le -íocht agus -áíocht, agus a mbíonn dhá shiolla nó níos mó iontu: <i>cothromaíocht, filíocht</i>	Ainmfhocail a chríochnaíonn le -éir, -eoir, -óir, -úir, agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: <i>dochtúir, múinteoir</i>

Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail sin anois.

Ceist 5

A. Cén chanúint atá ag Seán Mac an tSíthigh? Féach ar an mír arís. Breac síos na briathra a chloiseann tú a chuireann an chanúint sin in iúl.

B. Cén chanúint atá agat féin? Labhair leis an duine in aice leat faoin gcanúint atá agaibh beirt agus cad atá spéisiúil faoi bhur gcanúintí.

C. An bhfuil aon chanúint ann nach bhfuil tuiscint rómhaith agat uirthi? Cad í? Labhair leis an duine in aice leat faoin gcanúint sin.

Ceist 6

‘...bhí slua mór **bailithe** ann...’

1. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal a bhfuil líne faoi thuas?
2. Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhfoirm cheart de na briathra atá idir lúibíní:

- Chuaigh mé a luí nuair a bhí an obair ar fad _____ (deán) agam.
- Is beag nár thit sí i laige nuair a chonaic sí go raibh an dinnéar _____ (dóigh).
- Nuair a bheidh an scannán _____ (críochnaigh), imeoidimid linn.
- Ní bheidh an aiste seo _____ (scríobh) agam go deo.
- An bhfuil an litir _____ (cuir) sa phost agat?
- Bhí an teach an-fhuar ar fad, cé go raibh an doras _____ (dún).
- Níor labhair mé le haon duine go dtí go raibh an leabhar ar fad _____ (léigh) agam.

Ceist 7

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén cineál duine é Donald Trump, dar leat?
2. Cén fáth nár bhuaigh Hilary Clinton an t-olltoghchán, dar leat?
3. An mbeidh aon tionchar ag Uachtarán nua na Stát Aontaithe ar do shaol féin, dar leat? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

campaign – feachtas

bitter, virulent – gangaideach

the polls – na pobalbhreitheanna

the Democratic candidate – iarrthóir na nDaonlathach

the Republican candidate – iarrthóir na bPoblachtánach

coincidence – comhtharlú

commentators – tráchtairí

immense influence – tionchar ollmhór

drawing near to – ag druidim le

occasions for celebration – ócáidí ceiliúrtha

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Ainmfhocail bhaininscneacha	Ainmfhocail fhirinscneacha
<i>an uair</i> <i>an chathair</i> <i>an aimsir</i> <i>an ócáid</i> <i>an pholaitíocht</i>	<i>an t-uachtarán (an tUachtarán)</i> <i>an feachtas</i> <i>an t-iarrthóir</i> <i>an dream</i> <i>an tionchar</i>

Ceist 5

A. Tá canúint na Mumhan aige.

Samplaí: Na briathra: bhíos, bhíodar, chuireas, labhras

B. Tuairimíocht.

C. Tuairimíocht.

Ceist 6

1. An aidiacht bhriathartha atá i gceist.

2. - Chuaigh mé a luí nuair a bhí an obair ar fad **déanta** agam.

- Is beag nár thit sí i laige nuair a chonaic sí go raibh an dinnéar **dóite**.

- Nuair a bheidh an scannán **críochnaithe**, imeoimid linn.

- Ní bheidh an aiste seo **scríofa** go deo agam.

- An bhfuil an litir **curtha** sa phost agat?

- Bhí an teach an-fhuar ar fad, cé go raibh an doras **dúnta**.

- Níor labhair mé le haon duine go dtí go raibh an leabhar ar fad **léite** agam.

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Sna Stáit Aontaithe tá an vótáil ar bun i láthair na huaire le hUachtarán a thoghadh, an cúigiú huachtarán is ceathracha¹ ar an tír. Tar éis feachtas fada a bhí sách gangaideach amantaí², léiríonn na pobalbhreitheanna is deireanaí go bhfuil iarrthóir na nDaonlathach, Hillary Clinton, beagán chun cinn ar iarrthóir na bPoblachtánach, Donald Trump, ach nach bhfuil tada³ eatarthu⁴ i stáit chinniúnacha.

Comhtharlú atá ann gur NuaiEabhrac bunáit pholaitíochta Hillary Clinton agus Donald Trump. Seachas Washington, mar sin, is dóigh gur ann is mó a bheas ceiliúradh. Is ann freisin atá ár dtuairisceoir, Seán Mac an tSíthigh.

Seán Mac an tSíthigh

Bhuel cuireadh tús leis an vótáil anseo i Nua-Eabhrac ar a sé a chlog ar maidin. Bhíos⁵ thíos ag ceann de na hionaid anseo sa chathair níos luaithe agus bhí slua breá bailithe ann. Léiriú ar an aimsir bhreá atá againn anseo, is dócha. Gan dabht, tá vótaí caite ag breis agus caoga milliún duine cheana féin sa vótáil luath. Tá deis ag cuid acu sin, i stáit áirithe, a n-aigne a athrú go fóill. Maidir leis na hiarrthóirí féin, bhuel, bhíodar⁶ sin ag feachtasaíocht go dian aréir. Hillary Clinton agus railí mór ar bun aici in Philadelphia agus breis agus 30 míle duine i láthair. Bhí Donald Trump féin thuas in Michigan agus in New Hampshire, é siúd dírithe isteach go mór ar na stáit sin, fonn air iad a sciobadh ó na Daonlathaigh.

Bhí inní le roinnt seachtainí anuas ar na Daonlathaigh céanna sin, mar go raibh laghdú mór tagtha ar vóta an phobail dhuibh anseo. Ba iad an dream, gan dabht, a chabhraigh go mór le Barack Obama in 2008 agus 2012. Ach tá dea-scéala ann dóibh le lá no dhó anuas agus go mórmhór⁷ ar maidin mar tuairiscítear go bhfuil méadú mór ar an vóta *Latino*. Tráchtairí áirithe ag rá gur vóta in aghaidh Trump a bheidh ansin. B'in an rud a chuireas⁸ de Frances Mulraney, Leas-Eagarthóir *Irish Central*, nuair a labhras⁹ léi tamaillín beag ó shin.

Frances Mulraney, Leas-Eagarthóir an *Irish Central*

Is dócha go bhfuil an méadú mór i vótaí ó na hEaspáinnigh agus ó na *Latinos* ag teacht ón méid atá ráite ag Trump. Tá siadsan buartha faoin inimirce agus tá siad ag iarraidh stop a chur leis agus ceapann siad gurb í Clinton an duine is fearr leis an athrú seo a chur i bhfeidhm. Agus chomh maith leis seo, is dócha...tá daoine ag rá nár chuir na pobalbhreitheanna an grúpa seo san áireamh nuair a bhí na pobalbhreitheanna á reáchtáil acu. Is dream níos óige iad ná na grúpaí eile agus ní chuireann na pobalbhreitheanna seo gloach ar fhóin phóca agus bíonn nach mór gach uile dhuine ag brath ar an bhfón póca anois. Agus, chomh maith leis sin, mar gurb í¹⁰ an Spáinnis an phríomhtheanga atá ag roinnt mhaith acu, má chuireann duine éigin gloach orthu sa mBéarla¹¹ seans nach bhfreagróidh siad na ceisteanna. Agus is é sin an fáth go bhfuil daoine ag ceapadh go mbeidh tionchar ollmhór ag an ngrúpa seo anois, ar an toradh a bheidh ar...ghrúpa stáit.

¹ *an ceathracha is a cúigiú* a deirtear

² *amanna* an leagan caighdeánach

³ *dada* an leagan caighdeánach

⁴ *idir iad* a deirtear

⁵ Córas na Mumhan

⁶ Córas na Mumhan

⁷ *go mór mór* an leagan caighdeánach

⁸ Córas na Mumhan

⁹ Córas na Mumhan

¹⁰ *go bhfuil* a deirtear

¹¹ Córas Chonnacht

Seán Mac an tSíthigh

Anois beidh sé ag druidim lena haon déag a chlog anocht nó a ceathair a chlog ar maidin, in Éirinn, sara¹² mbeidh éachtaint¹³ éigin le fáil againn ar an dté¹⁴ a bheidh ag tabhairt faoin dtigh¹⁵ bán. Tá dhá ócáid mhóra eagraithe sa chathair anocht, ócáidí ceiliúrtha, ceann acu ag Hillary Clinton sa Javits Centre i lár na cathrach agus ceann eile ag Donald Trump in Óstán an Hilton. Níl an dá áit sin ach míle go leith óna chéile.

¹² *sula* an leagan caighdeánach

¹³ *féachaint* an leagan caighdeánach

¹⁴ Córás na Mumhan | *teach* an leagan caighdeánach

¹⁵ Córás na Mumhan